

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie



Plean um Threoir agus Chomhairleoireachta Choláiste Cholmcille

Réamhráiteas

Socraíodh athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Treorach Choláiste Cholmcille sa scoilbhliain 2019/2020 chun a chinntiú go bhfuil an cód éifeachtach, cóir agus ag teacht leis an reachtaíocht chuí is déanaí. Cuireadh coiste oibre le chéile chun díriú ar dhréachtú an phlean.

Scóip

Baineann an phlean seo le pobal na scoile uile, agus léirítear inti an réimse leathan gníomhaíochtaí ar a dtugann an scoil aghaidh, chun freastal ar riachtanais na scoláirí uile a thagann faoin ár gcúram. Dírítear ar na trí réimse seo a leanas chun scileanna féin-bhainistíochta éifeachtacha a fhorbairt ins na scoláirí agus a chabhraíonn leo roghanna agus cinntí dearfacha a dhéanamh ina saol.

- Forbairt Phearsanta agus Shóisialta
- Treoir Oideachasúil
- Gairmthreoir

Treoir Phearsanta agus Shóisialta:

I gColáiste Cholmcille tugtar treoir phearsanta agus sóisialta do scoláirí trína rannpháirtíocht ghníomhach in imeachtaí ranga. Forbraítear a scileanna idirphearsanta agus cabhraítear leo cinntí tábhachtacha a dhéanamh ina saol, agus tugtar treoir dóibh pleanáil dá dtodhchaí.

Treoir Oideachasúil:

Treoraítear scoláirí maidir le roghnú agus leibhéal na n-ábhar scoile de, spriocanna a aimsiú dóibh féin, chomh maith le scileanna staidéir agus teicnící scrúduithe ar nós scileanna bainistíocht ama a chleachtadh.

Gairm Threoir: Tugtar tacaíocht agus treoir do scoláirí chun déileáil níos fearr leis na gnéithe a bhaineann lena bhforbairt iomlán, chomh maith leis na roghanna atá acu a chíoradh, agus réimse gairmeacha a fhiosrú leo. Ullmhaítear iad i gcomhair taithí oibre agus déantar féin-mheastóireacht leo ar an taithí sin. Tugtar treoir ó thaobh cúrsaí iar-ardteiste a roghnú i gColáistí agus Institiúidí eile. Coinnítear teagmháil le hiar-dhaltaí na scoile maidir lena ndul chun cinn.

Ceangal leis an ráiteas misin

Tacaíonn plean treorach na scoile le luachanna na scoile, mar atá léirithe sa ráiteas misin seo a leanas

- Freastal ar riachtanais oideachasúla na scoláirí ionas go mbainfidh siad na torthaí is fearr atá ar a gcumas amach.
- Freastal ar riachtanais phearsanta na scoláirí chun féinmhuinín agus forbairt mhorálta a chothú.
- Meas a chothú ar ár n-oidhreacht Ghaelach, ar an nGaeilge agus ar ár gcultúr Gaelach.
- Atmaisféar cairdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil.

Réasúnaíocht

Séard atá i gceist leis an gelár um threoir scoile seo ná sraith gníomhaíochtaí foghlama a chuireann an scoil i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais treorach na scoláirí. Léiríonn an phlean seo an réimse iomlán gníomhaíochtaí a úsáidtear sa scoil chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanais.

De réir treoirlínte an Acht um Oideachas 1998 agus Roinn Oideachas agus Eolaíochta 2005, caithfidh scoileanna plean treorach, cuimsitheach a fhorbairt.

Éilíonn Alt 9 (c) den Acht Oideachais, 1998 ar scoileanna *“a chinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme.”*

“le sraith d’imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forósach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socraithe éifeachtacha faoina saol...(ROS, 2005, lch. 4).

Spriocanna agus Aidhmeanna

Is iad seo a leanas spriocanna agus aidhmeanna Phlean um Threoir agus Chomhairleoireachta Choláiste Cholmcille;

- Pobal comhoibritheach sláintiúil agus sábháilte a chruthú áit gur féidir le gach scoláire bláthú, agus iad ag mothú go bhfuil sé/sí ina bhall tábhachtach den phobal scoile uile.
- Scileanna féin-smachta agus féin-bhainistiú a fhorbairt ins na scoláirí.
- Timpeallacht scoile a chruthú a chuireann an-bhéim ar chearta agus dualgais gach scoláire.
- Scileanna a chothú i scoláirí chun a n-éifeacht phearsanta a bhaint amach.
- Atmaisféar dearfach, fáilteach a chothú sa scoil.
- Spreagtar cruthaitheacht an scoláire, díritear ar a bhforbairt phearsanta ach go háirithe, agus treoraítear iad chomh maith conas cinneadh a dhéanamh agus scileanna féinmhachnaimh a chleachtadh.

Príomhbhearta (ábhar an phlean)

- Leagann plean um threoir scoile amach na cuspóirí agus na tosaíochtaí a bhaineann le soláthar treorach sa scoil.
- Cuireann an phlean leis an soláthar treorach trí riachtanais na scoláirí a aimsiú.
- Díríonn an phlean acmhainní na scoile ar na réimsí ina bhfuil géarghá leo.
- Tugtar seans don fhoireann ról gníomhach dearfach a ghlacadh i gcur i bhfeidhm agus forbairt an phlean.

Tá na daoine seo a leanas ainmnithe mar bhaill den choiste um Threoir.

- An Comhairleoir Treorach
- Múinteoirí bliana
- An Príomhoide/Príomhoide tánaisteach
- Múinteoirí atá bainteach le Tréadchúram
- Comhordaitheoir Chlár Ghairme na hArdteistiméireachta
- Comhordaitheoir Chlár na hIdirbhliana
- Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta
- Múinteoirí OSSP
- Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail

Tugann an Phlean um Threoir Scoile aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Céard iad **aidhmeanna** an chlár treorach?
2. Cén chaoi a n-aithnítear scoláirí a dtugtar tosaíocht dóibh chun tairbhe a bhaint as an soláthar a chuirtear ar fáil? (**Spríocghrúpaí**)
3. Céard iad **cuspoirí** foghlama an phlean?
4. Céard iad na **gníomhaíochtaí** foghlama ar a leagtar béim?
5. Céard iad na **hacmhainní** atá ar fáil chun na torthaí seo a bhaint amach?
6. Cén chaoi a dhéantar **monatóireacht** agus athbhreithniú ar an bplean?

Ráiteas faoin mBeartas Treorach

Tugann an comhairleoir treorach faoi na tascanna seo leanas le hionchur ón ngrúpa pleanála atá bunaithe chun díriú ar fhorbairt phlean treorach na scoile.

Comhairliú: Cuirtear ar chumas scoláirí comhairle a lorg, fadhbanna a réiteach, a n-iompair a leasú, agus deacrachtaí pearsanta a shárú ina saol, más ann dóibh. Cuirtear comhairle phearsanta, comhairle oideachasúil agus comhairle ghairme ar fáil dóibh. Is dlúthchuid den chlár um threoir scoile í an chomhairle a chuirtear ar fáil don scoláire aonair, nó do ghrúpa mar chuid de phróiseas céimneach foghlama.

Tacaíocht: Tugtar tacaíocht do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, don phríomhoide, don Bhord Bainistíochta agus do na gníomhaireachtaí eile a gcuirtear scoláirí ar aghaidh chucu. Cuidítear leis na scoláirí ina bhforbairt phearsanta, shóisialta, ghairme agus oideachasúil ins na cláir seo a leanas:

- OSSP
- Folláin
- An Teastas Sóisearach
- An Idirbhliain
- An Ardeistiméireacht Fheidhmeach

Measúnú: Baintear úsáid as réimse de thrialacha síceolaíochta agus modhanna eile measúnaithe chun tacaíocht a thabhairt do chuspóirí cuí an chlár um threoir scoile.

Eolas: Tugtar cabhair do dhaltaí eolas a fháil, a thuiscint agus a úsáid maidir lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta, oideachasúil agus gairmiúil.

Gníomhaíochtaí Treorach sa Rang: Cuimsíonn na h-eispéiris ranga a bhaineann leis an gclár um threoir scoile le heolas a thabhairt, teicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide (ICT), forbairt scileanna (e.g. pleanáil, cinneadh a dhéanamh, scileanna staidéir, cumarsáid, measúnú luachanna) agus ullmhúchán do ghairm.

Pleanáil agus Eagrú Oibre san Ionad Oibre: Aithnítear agus tacaítear le cuspóirí pearsanta agus sóisialta oideachasúla agus gairmiúla an chlár um threoir scoile do gach scoláire. Pleanáiltear taithí oibre agus múnlaítear plean/modh foghlama chun a spriocanna pearsanta a bhaint amach. Tugtar cuairteanna ar ionaid oibre, ar ionaid thraenála agus ar choláistí 3ú leibhéal srl.

Cur ar Aghaidh: Tugtar tacaíocht leanúnach do scoláirí agus faightear cabhair ó lucht An tSeirbhís Náisiúnta um Shíceolaíocht san Oideachas (NEPS) más gá.

Forbairt Ghairmiúil: Freastalaíonn an comhairleoir treorach ar chursaí inseirbhíse go rialta. Tá an comhairleoir treorach mar bhall den Institiúid Chomhairleoirí Gairmeacha (ICG).

An Clár Treorach

An Curaclam Treoir:

Is féidir an Curaclam Treoir a roinnt ina dhá chuid:

- Treoir Fhoirmiúil
- Treoir Neamhfhoirmiúil

Treoir Fhoirmiúil:

- Teagmháil ar bhonn aonarach i gcomhair comhairleoireacht phearsanta, oideachasúil agus gairmiúil.
- Treoir ar bhonn ranga tré ranganna/grúpaí go seachtainiúil.

Treoir Neamhfhoirmiúil:

- Comhoibríonn múinteoirí agus bainistíocht na scoile chun nascanna a chruthú trasna an churaclaim agus plean cuimsitheach treoir a chur i bhfeidhm maraon le forbairt ar pholasaithe na scoile.

Seo a leanas Clár Gairme na Scoile

Gairmthreoir-Bliain 4

Am: Rang amháin sa tseachtain.

Aidhmeanna:

- Go dtuigfidh na scoláirí an éagsúlacht gairmeacha atá ann agus an tábhacht a bhaineann le teacht ar eolas chun an cinneadh ceart a dhéanamh agus iad ag roghnú gairme dóibh féin.
- Cabhrú leo siúd a mhothaíonn faoi bhrú.
- Ullmhú i gcomhair taithí oibre trí huairé in aghaidh na bliana agus macnamh siar ar a gcuid taithí.

Cuspóirí:

- Turais amach a bhaineann le gairmthreoir.
- Tionscnaimh ar a rogha gairme a dhéanamh.
- Ullmhú agus plé ar thaithí oibre.
- Scileanna staidéir.

- Measúnú – Cabhraíonn na trialacha síceolaíochta le scoláirí féintuiscint níos fearr a bheith acu.

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama:

- Na h-acmhainní taighde a thabhairt agus a mhíniú do na scoláirí.
- Bheith ar fáil chun cabhair, comhairle agus eolas a thabhairt nuair is gá.
- Iniúchadh suimeanna/scileanna.
- Oíche Ghairme a eagrú.
- Oíche Eolais do thuismitheoirí.

Clár :

- Na h-acmhainní a thabhairt do na scoláirí.
- Tionscnaimh.
- DATS
- REACH
- SaolOibre
- Qualifax
- Oíche Ghairme/Oíche Eolais
- Ceardlann Aireachais
- Ceardlann Mhí-úsáid Drugaí agus Alcól
- Ceardlann Ciberbhulaíocht agus sábháilteacht-ar-líne
- Turas go hÚdarás na Gaeltachta
- Cúrsa Folláine (Future Leaders)
- Modúl Fordhearcaidh (Future Leaders)
- Riarachán (Future Leaders)
- Anailís Fheidhmíochta(Future Leaders)
- Cothú (Future Leaders)
- Bainistíocht Imeachtaí(Future Leaders)
- Cóitseáil- Bunchúrsa GAA (Future Leaders)
- Réiteoireacht (Future Leaders)
- Comórtas Náisiúnta Scileanna Gairme
- Córas na gCarad

Gairmthreoir Bliain 5

Am: Dhá rang sa tseachtain

Aidhmeanna:

- Go dtuigfidh na scoláirí an éagsúlacht gairmeacha atá ann agus an tábhacht a bhaineann le teacht ar eolas chun an cinneadh ceart a dhéanamh agus iad ag roghnú ábhair.
- Cabhrú leo siúd a mhothaíonn faoi bhrú.

Cuspóirí:

- Turais a bhaineann le gairmthreoir.
- Freastal ar ‘Options West’ / laethanta oscailte NUIG/GMIT srl.
- Tionscnaimh ar a rogha gairme.
- Ullmhú agus plé ar thaithí oibre.
- Scileanna Staidéir a fhorbairt.

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama:

- Na hacmhainní taighde a thabhairt agus a mhíniú do na scoláirí.
- Bheith ar fáil chun cabhair, comhairle agus eolas a thabhairt nuair atá gá.
- Iniúchadh suimeanna/scileanna.

Clár :

- Na hacmhainní a thabhairt do na scoláirí.
- Tionscnaimh.

Módh Measúnaithe:

- Tionscnamh.

Acmhainní:

- REACH/SaolOibre, Classroom Guidance & Qualifax
- Lámhleabhair na nInstitiúidí 3ú leibhéal
- Turais.
- Aoi-chainteoirí.
- Iniúchadh suimeanna/Iniúchadh scileanna.
- Oíche Ghairme
- Oícheanta Eolais do thuismitheoirí
- Ceardlann Oiliúna sa Láimhsiú sábháilte

- Ceardlann Mhí-úsáid Drugaí agus Alcól
- Ceardlann Aireachais
- Turais chuig Tionscail Áitiúla – An Garraí Glas & Micro Mouldings
- Comórtas Náisiúnta Scileanna Gairme

Nasc le hábhair eile:

- ATGO/ Ullmhú le haghaidh taithí oibre.

Gairmthreoir – Bliain 6

Am: Dhá rang sa tseachtain.

Aidhmeanna:

- Eolas a dháileadh faoi chúrsaí, gairmeacha, CAO & UCAS sa rang agus go haonarach.
- Cabhrú leo siúd a mhothaíonn faoi bhrú.

Cuspóirí:

- Turais a bhaineann le gairmthreoir.
- Freastal ar Options West agus laethanta gairme.
- Scileanna Staidéir: Student Enrichment/NUIG
- Iniúchadh suime agus scileanna.
- Cainteoirí.
- Oíche Ghairme sa scoil.

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama:

- Na hacmhainní taighde a thabhairt agus a mhíniú do na scoláirí.
- Bheith ar fáil chun cabhair, comhairle agus eolas a thabhairt nuair atá gá.
- Measúnú/scrúdaithe ar ábaltacht/suimeanna.

Clár:

- Na h-acmhainní a thabhairt do na scoláirí.

Acmhainní:

- Idirlíon.
- Lámhleabhair na nInstitiúidí 3ú leibhéal
- Turais.
- Aoi-chainteoirí.

- Iniúchadh suimeanna.
- Iniúchadh scileanna.
- REACH
- Saol Oibre
- www.classroomguidance.ie
- Oíche Ghairme
- Oícheanta Eolais
- Cúrsa Pas Shábháilte & Ceardlann Oiliúna sa Láimhsiú Sábháilte
- Cúrsa Spioradálta
- Ceardlann Mhí-úsáid Drugaí agus Alcól
- Ceardlann Aireachais
- Turais chuig tionscail áitiúla – An Garraí Glas & Micro Mouldings

Nasc le hábhair eile:

- Clár Gairme na hArdteiste (ATGO).

Gníomhaíochtaí

Baintear úsáid as réimse leathan gníomhaíochtaí chun na cuspóirí a bhaint amach.

Comhairle Phearsanta agus Shóisialta:

Aidhmeanna:

- Seirbhís rúnda éisteachta, gan breithiúnas, a bheith ar fáil do na scoláirí.
- Comhairle agus treoir chun déileáil le deacrachtaí leochaileacha a chur ar fáil dóibh.
- Féinmheas agus scileanna ceannasaíochta a fhorbairt ins na scoláirí.
- Eolas agus scileanna a bhaineann le forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire, le féinaithe, le cinneadh ar chomhairle agus le pleanáil a chur ar fáil.
- Scileanna bainistíocht ama agus staidéir a iniúchadh leo.
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláirí atá i gcruachás.
- Cabhrú le scoláirí a smaointe, a mothúcháin agus na roghanna atá acu sa saol a chíoradh.
- Aire agus tacaíocht a thabhairt do dhaltaí foghlaim cén chaoi le déileáil leis an saol ina bhfuil siad.

Sprioc-ghrupaí:

- Sainiúitear scoláirí is mó a dteastaíonn cabhair agus treoir ar leith uathu agus déantar freastal orthu.
- Déanann an comhairleoir treorach teagmháil leis An tSeirbhís Náisiúnta um Shíceolaíocht san Oideachas (NEPS) maidir le scoláire más gá (agus le cead tuismitheora).

Modhanna:

- Seisiún comhairleoireachta aonaracha nó grúpa.

Comhairle Oideachasúil:**Aidhmeanna:**

- Seirbhís an Chomhairleoir Treorach a mhíniú do na scoláirí maraon leis an gcóras tacaíochta atá ar fáil sa scoil.
- Scileanna staidéir, bainistíocht ama agus plean obair bhaile a dhéanamh leis na scoláirí.
- Cabhrú leo ábhar a roghnú don Ardteist trí shuimeanna agus láidreachtaí atá acu a phlé agus a aithint.

Comhairle Gairmeach:**Aidhmeanna:**

- Scileanna staidéir, bainistíocht ama, an córas scrúduithe, roghnú ábhair agus leibhéal agus cúnamh le plean staidéir a dhéanamh le scoláirí.
- Iniúchadh suimeanna agus scileanna a dhéanamh leo m.sh www.classroomguidance.ie, REACH agus Qualifax.
- Measúnú a dhéanamh chun cabhrú le scoláirí féinthuiscint níos fearr a bheith acu ag úsáid trialacha síceolaíochta.
- Aoi-chainteoirí a thabhairt isteach.
- Taisceálaíocht ghairme a dhéanamh.
- Na scoláirí a ullmhú i gcomhair taithí oibre, breathnadóireacht oibre.
- Nasc a choinneáil le iar-dhaltaí na scoile.
- Scoláirí a chur ar an eolas faoi CAO, UCAS, Cúrsaí PLC, Printíseachtaí, deiseanna traenála, gairmeacha agus postanna.
- Cabhrú le scoláirí C.V a chur le chéile.
- Scileanna agallaimh a dhéanamh le scoláirí.

Acmhainní Treorach

Cuimsíonn acmhainní - foireann, dáileadh ama, trealamh, ábhar foghlama, ionaid agus buiséadú chun na gníomhaíochtaí treorach a chur i bhfeidhm.

Acmhainní scoile agus pobail:

- Comhairleoir Treorach
- Bainistíocht
- Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus Pobail
- An Bord Bainistíochta
- Rúnaí na Scoile
- Múinteoirí ábhair agus múinteoirí tacaíocht foghlama
- Baill foirne le rólanna foirmiúla (oidí bliana, oidí ranga srl.)
- Tuismitheoirí
- Scoláirí
- Buiséad scoile- Caitear cuid de bhuiséad na scoile ar ábhar treorach a cheannach, m.sh. trialacha siceolaíochta, ábhar gairme srl..
- Na seomraí treorach (oifig, leabharlann, m.sh.)
- Áiseanna ríomhaireachta – Bíonn teacht ag scoláirí ar áiseanna ríomhaireachta i gcomhair treorach mar dhlúthchuid den Phlean Scoile um Threoir agus den Plean Scoile um Theicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide (TEC).
- Pobal (ionad oibre, cur ar aghaidh, m.sh. Saol Oibre(Careers Portal), REACH, www.classroomguidance.ie, Qualifax agus studyclix.
- Leabharlann Treoir Ghairme, lámhleabhair ó Choláistí 3ú leibhéal, Coláistí IT in Éirinn agus i Sasana agus atá bainteach le gairmeacha áirithe.
- Clár na bhFógraí.
- Plean DEIS

Acmhainní Náisiúnta:

- Gníomhaireachtaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar nós An Lárionad um Threoir san Oideachais (NCGE), An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta san Oideachas (NEPS), An Lárionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE).
- Eagraíochtaí gairmiúla agus cumainn ar nós Institiúid na gComhairleoirí Treorach (IGC), Ceardchumann na múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta.
- ICT, acmhainní náisiúnta atá i gcló agus ar fhístéip/ábhar trialach.

Réimsí Treorach atá le forbairt

Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an bplean

Déantar monatóireacht ar bhonn leanúnach (ar bhonn bliantiúil) agus athbhreithniú (athchruthú ó bhonn le scála ama níos faide, gach tríú bliain, b'fhéidir). Déantar athbhreithniú agus monatóireacht ar:

- cé chomh héifeachtach is atá cuspóirí an phlean á gcur i gcrích,
- na cuinsí a thacaíonn leis an gcur i gcrích sin nó atá ag cur isteach air,
- torthaí nach bhfuil súil leo,
- riachtanais nach bhfuil freastal á ndéanamh orthu,
- spriocghrúpaí nua nó grúpaí a thagann chun solais a aithint.

Cabhraíonn an próiseas le réamhphleanáil i dtreo is go bhfreagraíonn an clár um threoir scoile do riachtanais na scoláirí i gcónaí. Tá slite éagsúla ann chun cuidiú leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú, mar shampla:

- Aiseolas ó na scoláirí.
- Cuntas achomair a chur le chéile faoi na gníomhaíochtaí maraon le h-anailís chriticiúil ón gcomhairleoir treorach.
- Athbhreithniú leanúnach ar bhaill an spriocghrúpa.

Prótacál do chruinnithe a fheabhsú


Dréacht chonradh i gcomhair cruinnithe a chur i bhfeidhm

1. Cruinnithe le scoláirí
2. Cruinnithe le tuismitheoirí/caomhnóirí

- Déantar coinne roimh-ré agus le cead ón múinteoir ranga
- Socraítear coinne leis an gComhairleoir Treorach tré ghlaoch ar an scoil nó ag cruinnithe tuismitheoirí.
- An próiséas atreoraithe a fheabhsú.

Déantar an monatóireacht ar bhonn leanúnach.

Coláiste Cholmcille



Foirm ghníomhaíochta i leith scoláire

Ainm an scoláire: _____

Bliain: _____

Múinteoir: _____

Ceann Bliana: _____

Dáta an Iarratais: _____

Príomh-chúis(eanna) don iarratas gníomhaíochta ó Cheann
Bliana/Chomhairleoir Treorach:

Naisc le Polasaithe Eile agus le Seachadadh Curaclaim

Tá ceangal ag na polasaithe seo a leanas leis an bplean seo;

- Polasaí Gaeilge
- Polasaí OSPS
- Polasaí Iompair
- Polasaí Sláinte agus Sábhailteacht
- Polasaí Tinrimh
- Polasaí Obair Bhaile
- Polasaí maidir le Bainistiú Géarchéime
- Polasaí Oideachas, Caidreamh agus Gnéasachta
- Polasaí Riachtanais Speisialta
- Polasaí Iontrála
- Polasaí Bulaíochta
- Polasaí Teicneolaíocht, Fáisnéis agus Cumarsáide
- Polasaí ar Fhoréigean
- Polasaí ar Chaidreamh Baile, Scoile agus Pobail
- Polasaí Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

Nasc leis an bhfoireann & le gníomhaireachtaí lasmuigh

- Bainistíocht
- Cinn Bhliana
- Foireann Teagaisc
- Foireann Tréadchúraim
- Comhordaitheoir Idirbhliana agus ATF
- Scoláirí agus Comhairle Scoláirí
- Tuismitheoirí agus Coiste na dTuismitheoirí
- Iar-scoláirí
- Eagraíochtaí ar nós Údaras na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, Muintearas, Na Gardaí Síochána.

Gníomhaireachtaí ón taobh amuigh

- SNSO (Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais)
- TESS
- Fostóirí m.sh Coffey Group, Irish Micro Moulding etc.
- Institúidí Tríú Leibhéal, Ionad Printíseachta BOOGR/SOLAS
- Access OÉG/ GTI/GCC, agus coláistí breisoideachais
- HEAR agus DARE
- Saolibre.ie, Reach, Careers Portal, Qualifax, Studyclix
- Comhar Creidmheasa
- GAA Future Leaders
- Scéim Oiliúna CLG
- Clár Críochnú Scoile
- Mylan
- BIM, ESB, Teagasc, Conradh na Gaeilge
- UCAS/EUNICAS
- JIGSAW
- Pobal an cheantair
- Na Gardaí Síochána
- Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Coimisiún na Scrúdaithe Stáit

Rólanna agus Freagrachtaí a bhaineann le Cur i bhFeidhm

- Comhairleoir Treorach- riachtanais treorach na nscóláirí
- Bainistíocht - riachtanais treorach na scoláirí
- Comhordaitheoir Teangmhála Baile, Scoile agus Pobail - riachtanais treorach na scoláirí, chomh maith le forbairt pearsanta agus sóisialta agus atreorú.
- Múinteoirí ábhair agus múinteoirí tacaíochta foghlama- forbairt oideachais (lena n-áirítear roghnú ábhair, scileanna staidéir, scrúdaithe agus RSO).

- Múinteoiri ábhair (clár na hidirbhliana, ATF agus GCAT) – forbairt ghairme agus foghlaim, taithí oibre, scáth-fhoghlaim, deiseanna foghlama, litearthacht dhigiteach.
- Baill foirne le rólanna foirmiúla (ceann bliana, foireann tacaíochta scoláirí/ folláine/múinteoir OSPS agus Múinteoiri ábhair.)- clár aistrihe, réamh, lár agus iar.
- Comhordaitheoir RSO - Tástáil chaighdeánaithe inniúlachta agus gnóthachtála.
- Tuismitheoirí- tacaíocht do dhaltaí.
- Scoláirí- Comhairle na Mic léinn.

Dáta don Chur i bhFeidhm

2020/2021

Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean

Déanfaidh an foireann tréadchúram monatóireacht ar an bplean treorach. Cuirfidh siad an príomhoide agus an foireann ar an eolas chun moltaí a dhéanamh más gá. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean go rialta.

Modhanna chun Athbhreithniú:

- Tuairimí ón bhfoireann
- Aiseolas ó thuismitheoirí/caomhnóirí

Glacadh agus cumarsáid

Cuirfear an phlean seo os comhair an bhoird bainistíochta i 2020. Cuirfear an BOOGR ar an eolas agus pobal na scoile.

